




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Scéim Náisiúnta
CÚRAIM LEANAÍ
Luathfhoghlaim agus Cúram

**AN SCÉIM NÁISIÚNTA
CÚRAIM LEANAÍ**



AG CUR CÚRAM LEANAÍ AR FÁIL ATÁ SO-AIMSITHE,
AR ARDCHAIGHDEÁN AGUS AR PHRAGHAS RÉASÚNTA



ncs.gov.ie

CAD É AN SCÉIM NÁISIÚNTA CÚRAIM LEANAÍ?

Is éard atá sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ná ár mbealach chun cúraim leanaí inacmhainne ar ardchaighdeán atá inrochtana i ndáiríre.

Ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh, in ionad na scéimeanna cúraim leanaí uile a bhí dírithe roimhe seo, beidh Scéim amháin ann a bheidh sruthlínithe agus éasca le húsáid chun cabhrú le tuismitheoirí an costas a bhaineann le cúram leanaí ar ardchaighdeán a chomhlíonadh.

Cad a tharlóidh do na cláir chúram leanaí atá ann cheana?

Leanfaidh na cláir chúraim leanaí atá ann cheana féin ag feidhmiú go fóill* go dtí go seolfar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Is féidir iarratais ar na cláir reatha a dhéanamh suas go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019. Ní bheidh aon iarratais nua ar na cláir seo ar fáil nuair a bhíonn an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ar oscailt.

Ionas go mbeidh an t-aistriú chomh réidh agus is féidir, is féidir le teaghlaigh cinneadh a dhéanamh más mian leo aistriú chuig an Scéim nua díreach i mí Dheireadh Fómhair nó fanacht ar a gclár reatha le haghaidh na bliana deireanaí den chlár.

Ní dhéanfar difear don chlár réamhscoile atá saor in aisce (ar a dtugtar ECCE - clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige).

*Déanfar na scéimeanna Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail (CCS) agus Fóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CCSP) a chumasc don bhliain dheiridh dá gclár. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar www.dcy.gov.ie

Cén chaoi a n-oibríonn an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí?

Leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, tabharfar tacaíocht do theaghlaigh le leanaí atá idir 24 seachtain agus 15 bliana d'aois atá ag freastal ar aon seirbhís chúraim leanaí atá cláraithe le Tusla, lena n-áirítear aon fheighlí leanaí atá cláraithe le Tusla. Beidh liosta iomlán de sholáthraithe cúraim leanaí ar conradh ar fáil ar www.ncs.gov.ie san fhómhar.

Tá dhá chineál tacaíochta ar fáil faoin Scéim: fóirdheontas Uilíoch agus fóirdheontas Measúnaithe Ioncaim.

Fóirdheontas Uilíoch

Tá an fóirdheontas Uilíoch ar fáil do theaghlaigh uile a bhfuil leanaí acu faoi bhun trí bliana d'aois. Tá sé ar fáil freisin do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu atá os cionn trí bliana nach bhfuil cáilithe fós don chlár réamhscolaíochta saor in aisce. Leis an bhfóirdheontas Uilíoch tugtar 50c in aghaidh na huaire i leith costais d'áit chúram leanaí chláraithe le haghaidh suas le 40 uair an chloig ar a mhéad sa tseachtain. Ní dhéantar tástáil acmhainne air agus de ghnáth is féidir é a ríomh laistigh de nóiméid tar éis iarratais a chur isteach tríd an gcóras ar líne den Scéim.

Cad a theastóidh uait chun iarratas a dhéanamh ar líne:

- 🟡 Cuntas MyGovID fíoraithe
- 🟡 An dáta breithe agus an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSN) do gach ceann de na leanaí a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith.

Fóirdheontas Measúnaithe Ioncaim

Tá fóirdheontas measúnaithe ioncaim ar fáil do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu atá idir 24 seachtain agus 15 bliana d'aois. Déantar tástáil acmhainne ar an bhfóirdheontas seo agus déanfar é a ríomh bunaithe ar do chúinsí aonair. Beidh an ráta fóirdheontais difriúil ag brath ar **do leibhéal ioncaim**



Scéim Náisiúnta
CÚRAIM LEANAÍ
Luathghlaim agus Cúram


Is éard atá i do MyGovID fíoraithe ná do chuntas slán, aonair chun seirbhísí Rialtas na hÉireann a dhíghlasáil ar líne. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le do MyGovID fhíoraithe a fháil agus a úsáid chun rochtain a fháil ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, téigh chuig www.mygovid.ie

teaghlaigh, aois do linbh agus a gcéim oideachais. Is féidir é a úsáid i dtreo an chostais d'áit chúram leanaí chláráithe le haghaidh suas le 40 uair an chloig ar a mhéad sa tseachtain i gcás go bhfuil tuismitheoirí ag obair, ag déanamh staidéir nó i mbun oiliúna, nó i gcásanna nach bhfuil tuismitheoir ar fáil chun aire a thabhairt do leanbh. Nuair nach mbíonn tuismitheoirí ag obair, ag déanamh staidéir nó i mbun oiliúna, íocfar an fóirdheontas le haghaidh suas le 15 uair an chloig ar a mhéad sa tseachtain.

Leagtar amach thíos na rátaí fóirdheontais uasta de réir aoise. Tá na rátaí uasta iníoctha nuair a bhíonn an t-ioncam teaghlaigh **ináirithe*** faoi bhun €26,000 in aghaidh na bliana. Laghdaítear rátaí ar scála aistritheach de réir agus a mhéadaíonn an t-ioncam ach tá fóirdheontais iníoctha i ngach cás ina bhfuil ioncam teaghlaigh **ináirithe** níos lú ná €60,000 in aghaidh na bliana.

*Ríomhtar **ioncam ináirithe** trí aon nithe inmhuirearaithe faoin Scéim a bhaint as do **ghlanioncam teaghlaigh**, mar shampla an Lascaine II-Linbh. I bhfocail eile is ioncam do theaghlaigh é, lena n-áirítear íocaíochtaí cosanta sóisialta, **tar éis** cánach, ÁSPC, MSU, agus aon mhíreanna inlámhsithe faoin Scéim a asbhaint. Beidh liosta iomlán d'asbhaintí agus d'eisiamh ioncaim ar fáil ar www.ncs.gov.ie

Aois an Linbh	Uas-fhóirdheontas in aghaidh na huaire (Rátaí bailí amháil Deireadh Fómhair 2019)
Faoi bhun 12 mhí d'aois	€5.10
Idir 12 agus 35 mí d'aois	€4.35
3 bliana d'aois nó níos sine agus nach bhfuil fós ar scoil	€3.95
Ar scoil	€3.75



Cad a theastóidh uait chun iarratas a dhéanamh ar líne:

- 🟡 Cuntas MyGovID fíoraithe
- 🟡 Faisnéis do linbh ar nós dáta breithe agus UPSP
- 🟡 Do chuid sonraí fostaíochta agus ioncaim
- 🟡 UPSP do pháirtí **
- 🟡 Sonraí fostaíochta agus ioncaim do pháirtí **

**má tá tú i do bhall de lánúin (féach www.ncs.gov.ie le haghaidh tuilleadh sonraí)

Cén Fóirdheontas atá mé incháilithe ina leith?

Braitheann an cineál fóirdheontais atá tú incháilithe ina leith ar do chúinsí teaghlaigh aonair, ar nós d'ioncain teaghlaigh agus aois do linbh. Tá acmhainní úsáideacha ar fáil ar www.ncs.gov.ie chun tú a threorú. Beidh Áireamhán Fóirdheontais ar fáil freisin nuair a bheidh an Scéim seolta. Is uirlis úsáideach é an tÁireamhán Fóirdheontais, rud a d'fhéadfadh cabhrú leat tuiscint a fháil ar an bhfóirdheontas a bhféadfá an sochar is mó a bhaint astu. Féach ar na teaghlaigh shamplacha a dtugtar cur síos orthu thíos (go léir incháilithe do 40 uair an chloig de chúram leanaí fóirdheonaithe in aghaidh na seachtaine).

SIOBHAN & JACK

Tá beirt leanbh ag Siobhan agus Jack; leanbh de dhá bhliain d'aois a bhfuil 40 uair an chloig de chúram leanaí ag teastáil uaidh agus leanbh 5 bliana d'aois a dteastaíonn 17 uair an chloig de chúram iarscoile sa tseachtain uaidh. Tá Siobhan ag obair go lánaimseartha agus tá Jack i mbun staidéir. Tá ollioncam de €64,000 acu in aghaidh na bliana. Faoin Scéim, is ionann a n-ioncam teaghlaigh ináirithe agus €43,200 agus tá siad incháilithe le haghaidh fóirdheontais de €128 sa tseachtain nó €6,656 in aghaidh na bliana.

JENNY

Tá leanbh amháin ag Jenny atá 2 bhliain d'aois agus tá 40 uair an chloig de chúram leanaí in aghaidh na seachtaine ag teastáil uaithe. Is tuismitheoir aonair í, ag obair go lánaimseartha agus tá ollioncam de €26,500 sa bhliain aici. Faoin Scéim, is ionann a ioncam teaghlaigh ináirithe agus €26,000 agus tá sí incháilithe le haghaidh fóirdheontais de €175 sa tseachtain nó €9,100 in aghaidh na bliana.

CHARLIE & SAM

Tá triúr leanbh ag Charlie agus Sam; leanbh atá bliain amháin d'aois agus cúpla de 2 bhliain d'aois a dteastaíonn 40 uair an chloig de chúram leanaí sa tseachtain uathu go léir. Oibríonn Charlie go lánaimseartha, agus oibríonn Sam go páirtaimseartha. Tá ollioncam de €90,000 acu in aghaidh na bliana. Faoin Scéim, is ionann a n-ioncam teaghlaigh ináirithe agus €51,400 agus tá siad incháilithe le haghaidh fóirdheontais de €176 sa tseachtain nó €9,152 in aghaidh na bliana.



Conas a gheobhaidh mé m'Fhóirdheontas?

Aithníonn an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí an tábhacht a bhaineann le rogha do theaghlach. Mar sin, is féidir leat leas a bhaint as d'fhóirdheontas trí chlárú le haon soláthraí cúram leanaí a ghlacann páirt sa Scéim.

Íocfar d'fhóirdheontas go díreach leis an t-soláthraí cúram leanaí roghnaithe agat tar éis duit socruithe a dhéanamh leo. Tar éis do d'iarratas a bheith faofa gheobhaidh tú cód uathúil, ar a dtugtar CHICK (**Childcare Identifier Code Key**). (Eochair Chóid Aitheantóra Cúraim Leanaí). Níl ag teastáil ó do sholáthraí, ach an CHICK, chomh maith le hainm agus dáta breithe do linbh, ionas go mbeidh do sholáthraí ábalta clárú ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Tar éis duit d'uaireanta cúraim leanaí a dhaingniú, íocfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an fóirdheontas leo ar do shon. Ansin déanfaidh do sholáthraí d'fhóirdheontas a bhaint as do bhille cúram leanaí.

Conas a oibreoidh na Fóirdheontais?

Tá an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí deartha d'fhonn a bheith solúbtha, lena dtugtar faoi deara go bhfuil riachtanais chúraim leanaí difriúil do gach teaghlach. Tá an córas deartha chun freagairt ar na riachtanais seo trí fhóirdheontais a sholáthar, ar féidir iad a chur i bhfeidhm maidir leis na huaireanta cúraim a n-aontaítear idir tuismitheoirí agus soláthraithe. Leanfaidh na tuismitheoirí agus na soláthraithe ag obair le chéile mar a dhéanann siad faoi láthair, ag aontú an méid cúraim bunaithe ar mheascán de riachtanais an tuismitheoir agus an méid is féidir le soláthraí a thairiscint go réasúnta. Leanfaidh seirbhísí ar aghaidh lena gcuid táillí agus seisiúin féin a shocrú agus cinnífidh siad a gcuid polasaithe iontrála féin. Is féidir an fóirdheontas a chur i bhfeidhm ansin maidir leis na huaireanta cúraim a n-aontaítear, suas go dtí an tsuim uasta atá ar fáil faoi theorainneacha na Scéime. Ní dhéanfaidh soláthraithe ach an fóirdheontas a bhaint as a dtáille foilsithe, rud a thugann rochtain do thuismitheoirí ar chostais chúraim leanaí níos ísle.

Conas iarratas a dhéanamh

Is féidir iarratais ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a dhéanamh ar líne ag www.ncs.gov.ie/apply ag baint úsáide as do MyGovID fíoraithe. Is féidir iarratais ar pháipéar a chur isteach freisin tríd an bpost. Tá sé beartaithe go mbeidh an Scéim ar oscailt i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus go gcuirfear tús leis na céad íocaíochtaí ó mhí na Samhna 2019 ar aghaidh.



Scéim Náisiúnta
CÚRAM LEANAÍ
Luaththoghlaim agus Cúram



FAIGH TUILLÉADH EOLAIS:

Féadtar raon d'acmhainní faisnéise a fháil ar www.ncs.gov.ie.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige,
Bloc 1, Plaza Miesach, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2. D02 XW14, Saorphost F5055
Fón +353 1 647 3000

ncs.gov.ie